

FÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH

COMÓRTAS AMHRÁN NUA-CHUMTHA 2017

Comórtas Náisiúnta chun Amhrán na hÉireann a roghnú

NA RIALACHA:

1.

1. Amhrán nua i dteanga cheilteach atá á lorg.
2. I nGaeilge a bheidh amhrán na hÉireann.
3. Is gá an ceol agus na focail a bheith nua-chumtha.
4. Measfar an t-amhrán ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair.

2.

1. Roghnóidh gach tír amhrán amháin le dul san iomaíocht. An Coiste Náisiúnta i ngach tír a roghnóidh an t-amhrán trí chomórtas náisiúnta chuige sin.
2. Ní mór don bhuaiteoir náisiúnta a (h)amhrán a chanadh beo ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach nó socrú a dhéanamh go gcanfar beo ansin é.
3. Ní cheadaítear ceol taifeadta ná a leithéid sa chomórtas poiblí.

3.

1. Ní mór an t-amhrán a chur isteach ar CD. Níl aon táille iontrála.
2. Ní mór freisin na focail agus an ceol a chur ar fáil. Moltar go mbeadh na focail cló-scríofa ach is gá dóibh, ar a laghad, a bheith scríofa go néata, soiléir.
3. Úsáid an fhoirm iontrála (FPC1) agus seol chuig: **An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, C/O Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach.**
4. **An spriocdháta d'iarraitais ná 5.00i.n. ar an Aoine, 20ú Eanáir 2017.**

4.

1. Íocfar duais airgid €1,000 leis an amhrán a roghnófar mar amhrán na hÉireann ar an gcoinníoll go gcuirfidh an buaiteoir an t-amhrán isteach ar an gComórtas Idirnáisiúnta ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.
2. Níl sárú ar bhreith na moltóirí agus Choiste Pan Cheilteach.
3. Is é an buaiteoir náisiúnta atá freagrach as a c(h)ostais féin ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.
4. Cuirfidh an Coiste Náisiúnta painéal moltóirí ar fáil chun Amhrán na hÉireann a roghnú don Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

NÓTAÍ BREISE:

1. Déanfar gearrliosta d'amhráin as na hiarratais seolta isteach. Canfar na hamhráin beo os comhair painéal moltóirí agus lucht éisteachta ag an gComórtas Amhrán Náisiúnta a reachtálfar ins an Ostán Seven Oaks, Ceatharlach ar an **Satharn, 25ú Feabhra 2017 ag 7.30i.n.**
2. **Ní chuirfear na hamhráin ar fáil roimhré do mholtóirí an Chomórtais Náisiúnta. Cloisfidh siad iad don chéad uair ar an oíche.**
3. Beidh cleachtaidh agus trialacha fuaime ar siúl san iarnóin ar 25 Feabhra.
4. Ní cheart an t-amhrán a bheith níos faide ná 4.5 nóiméad ar a mhéad.
5. Déanfaidh an stiúrthóir ceoil, Ollie Hennessy, comhairle a thairiscint do na hiomaitheoirí a roghnófar don chomórtas chun cóiriú oiriúnach a chur ar na hamhráin.
6. Beidh ceoltóirí proifisiúnta ar fáil i gCeatharlach le tionlacan breise más gá a chur ar fáil do na hamhránaithe.